CINNEADH (CBES) 2023/1501 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Iúil 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 23 Márta 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go géar cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí an brú comhchoiteann a choinneáil ar an Rúis agus é a mhéadú, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí bhearta sriantacha breise a thabhairt isteach.

(4) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag an Iaráin do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar cogadh gan chúis, gan údar é. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart cúigear daoine aonair atá bainteach le forbairt agus seachadadh Aerárthach Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

‘Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1573.	Hamid Reza SHARIFI TEHRANI حمید رضا شریفی تهرانی ar a dtugtar freisin Hamidreza SHARIFI TEHRANI	Feidhm: Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Qods Aviation Industries Dáta breithe: 6.7.1974 Áit bhreithe: an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Tá Hamidreza Sharifi-Tehrani ar dhuine de phríomhchomhaltaí Bhord Stiúrthóirí Qods Aviation Industries (QAI), eintiteas atá ag díol dróin Mohajer-6 leis an Rúis chun go n-úsáidfí iad i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023
1574.	Ali Reza TANGSIRI علیرضا تنگسیری	Feidhm: Ceannasaí Chabhlach IRGC agus cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Paravar Pars Company agus comhalta dá Bhord Dáta breithe: 27.8.1963 Áit bhreithe: Arvandkenar, An Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ali Reza Tangsiri ceannasaí Chabhlach IRGC agus cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Paravar Pars Company agus is comhalta é dá Bhord; tháirg Paravar Pars Company Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023
1575.	Mohsen ASADI محسن اسدی	Feidhm: Comhalta de Bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 16.9.1971 Áit bhreithe: Kerman, an Iaráin Inscne: fireann	Is comhalta é Mohsen Asadi de Bhord Paravar Pars Company, a tháirg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
1576.	Mohammad Reza MOHAMMADI محمد رضا محمدی	Feidhm: Comhalta de Bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 16.4.1971 Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is comhalta é Mohammad Reza Mohammadi de Bhord Paravar Pars Company, a thairg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023
1577.	Mohammad Sadegh Heidari MOUSA محمد صادق حیدری موسی	Feidhm: Comhalta de bhord Paravar Pars Company Dáta breithe: 24.9.1977 Áit bhreithe: Shahrebabak, an Iaráin Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is comhalta é Mohammad Sadegh Heidari Mousa de Bhord Paravar Pars Company, a tháirg Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do IRGC. Go háirithe, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Aerárthach Gan Foireann Shahed-171 na hIaráine, arna fhorbairt ag IRGC AF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Agus an ról sin aige, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin.	20.7.2023‘